C/2026/1851

25.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12378 — EFMS / GIC ACQUIRERS / KELDA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1851)

1. An 17 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EQT Fund Management S.à.r.l. ('EFMS') (Lucsamburg), faoi rialú ag EQT AB (An tSualainn),

— Epsom Investment Pte. Ltd ('Epsom') agus Nubia Investment Pte. Ltd ('Nubia', in éineacht le Epsom, 'GIC Acquirers') (iad araon ó Shingeapór), agus iad araon faoi rialú GIC Group (Singeapór),

— Kelda Holdings Limited (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'Kelda Group') (Geirsí, an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh EFMS agus GIC Acquirers rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kelda Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT Active Core Infrastructure, ciste infheistíochta príobháideach atá mar chuid de ghrúpa cistí infheistíochta EQT. Tá EFMS faoi úinéireacht aonair EQT AB (publ.). Tá cuideachtaí punainne EQT gníomhach i dtionscail éagsúla agus ar fud limistéir éagsúla den domhain,

— Is dhá chuideachta sealbhaíochta iad Epsom agus Nubia a bunaíodh chun infheistíochtaí bonneagair a shealbhú atá á mbainistiú ag GIC Special Investments Pte. Ltd ('GICSI'), an brainse cothromais phríobháidigh agus bonneagair de GIC Group. Bainistíonn GICSI punann domhanda éagsúlaithe infheistíochtaí i gcothromas príobháideach, caipiteal fiontair agus bonneagar, chomh maith le hinfheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí príobháideacha,

— Is cuideachta fóntais uisce é Kelda Group a sholáthraíonn soláthar uisce agus seirbhísí séarachais i réigiún Yorkshire Thuaisceart Shasana sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12378 — EFMS / GIC ACQUIRERS / KELDA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË